Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Márta 2018**
**(OR. en)**

**6680/18**

**ECOFIN 196**
**UEM 70**
**FIN 192**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Márta 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5988/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha"<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Márta 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha" a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) ag an 3605ú cruinniú aici ar an 13 Márta 2018 sa Bhruiséil.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha"**

IS DÍOL SÁSAIMH DO CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha";
2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte maidir leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí a bheith á chur chun feidhme ag an gCoimisiún sa tréimhse ó 2012 go 2017 chomh maith le gnéithe áirithe de dhearadh an nós imeachta agus TUGANN SÍ AR AIRD gur breathnaíodh go mion san iniúchóireacht ar an nós imeachta mar a cuireadh i bhfeidhm é i gcás ceithre Bhallstát, lenar cumhdaíodh Ballstáit eile, i gcás inarb iomchuí, ar leibhéal níos ísle;
3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúid na Cúirte go bhfuil an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha dea-cheaptha den chuid is mó ach nach raibh cur chun feidhme an nós imeachta éifeachtach, in ainneoin gur ar anailís ar ardcháilíocht a bunaíodh é, agus gur cheart feabhas a chur ar an gcumarsáid a dhéantar maidir leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus infheictheacht an nós imeachta sin;
4. MEABHRAÍTEAR DI gur creat é an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha lena ndírítear ar theacht chun cinn forbairtí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith dochrach a aimsiú, a chosc agus a cheartú, ar forbairtí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhea-fheidhmiú an gheilleagair i mBallstát faoi leith, do dhea-fheidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta nó do dhea-fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina iomláine nó a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt orthu sin; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur líonadh, trí bhíthin an fhaireachais ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, bearna thábhachtach sa chreat rialachais eacnamaíoch sin de chuid an Aontais lena ndéantar rioscaí eacnamaíocha a mhaolú agus lena ndéileáiltear leo;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur i lár na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais a tugadh an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha isteach agus gur chun cuidiú, den chuid is mó, leis na míchothromaíochtaí a bhí sna Ballstáit ag an am a cheartú, ionas go mbeadh an coigeartú éifeachtach agus inmharthanach, a cuireadh chun feidhme é sna blianta tosaigh sin; MEASANN SÍ go bhfuil an coigeartú agus an t-athchothromú a rinneadh le linn na mblianta sin suntasach, más míchothrom féin; MEASANN SÍ gur uirlis fhónta é scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha chun na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sin a bhrath;

6. AITHNÍONN SÍ gur ag foghlaim de réir a chéile atá an Coimisiún agus na Ballstáit agus iad ag déileáil leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus go neartaítear an fhoghlaim sin trí idirphlé leanúnach; MEASANN SÍ gur chuidigh fheidhmiú an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha leis an bhfeasacht a ardú maidir le dúshláin mhaicreacnamaíocha agus gur cruthaigh sé bonn don idirphlé maidir le freagairtí beartais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór do na Ballstáit na gníomhartha ceartaitheacha riachtanacha a chur chun feidhme ina n-iomláine chun go n-éireoidh leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha;

7. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur den ríthábhacht go gcuirfeadh an Coimisiún an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i bhfeidhm go hintuartha, trédhearcach, comhsheasmhach de réir a chéile sna Ballstáit, lena n-áirítear trí dhea-anailís agus trí dhea-bhreithiúnas bunaithe ar shraith leathan uirlisí coitianta anailíseacha ar ardcháilíocht agus ar phrionsabail fhónta eacnamaíocha, chun go gcuirfear an nós imeachta chun feidhme go héifeachtach, agus chun go n-áiritheofar go gcaithfear mar an gcéanna le cásanna comhchosúla agus chun go gcaomhnófar inchreidteacht an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha; LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht ó thaobh modheolaíochtaí, anailísí agus cinntí an Choimisiúin de, go háirithe i ndáil leis an nasc idir an measúnú eacnamaíoch agus catagóiriú na míchothromaíochtaí, agus AITHNÍONN SÍ an feabhas a tháinig ar an gCoimisiún le blianta anuas i dtaca le nochtadh faisnéise, lena n-áirítear coimre den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a fhoilsiú;

8. COMHAONTAÍONN SÍ gur gá feabhas a chur ar ghnéithe de chur chun feidhme an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus gur gá iad a athneartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí na naisc idir na míchothromaíochtaí agus na moltaí tír-shonracha a dhéanamh níos soiléire agus rogha leordhóthanach a bheith ag na Ballstáit i gcónaí maidir leis an mbealach a gcuirfear na moltaí chun feidhme, trí shaintréithiú níos soiléire a dhéanamh ar dhéine na míchothromaíochtaí (BG), trí thuilleadh anailísiú a dhéanamh ar thionchar an bheartais fhioscaigh ar mhíchothromaíochtaí seachtracha agus ar an iomaíochas i gcás inarb iomchuí agus béim á coimeád ar fhaireachas an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, trí mheasúnú breise a dhéanamh, nuair is féidir, ar an tionchar a bheidh ag na gníomhartha beartas a leagtar amach sna moltaí tír-shonracha a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus trí dhóthain airde a thabhairt ar ghnéithe a théann thar teorainn amach; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil roinnt iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún cheana i ndáil leis an méid sin;

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ar bhealach intuigthe, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a fheidhmiú i gcás ina measann an Coimisiún agus an Chomhairle gurb iomchuí sin a dhéanamh; Tá sí AR AON FHOCAL faoin méid seo: in éagmais cúinsí sonracha tráth a mbeidh conclúidí a dtabhairt aige faoi mhíchothromaíochtaí iomarcacha, má chinneann an Coimisiún nach molfaidh sé don Chomhairle an nós imeachta maidir le míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, is ceart dó na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann an Coimisiún le formhór na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh in 2019 ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, tuarascáil a thabhairt don Chomhairle maidir lena fhreagairt ar na moltaí seo.